



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2015
(OR. en)

13201/15

DEVGEN 200
SOC 598
ACP 148
ONU 131
RELEX 841
COHAFA 98
COHOM 98

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	26 Deireadh Fómhair 2015
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	13183/15
Ábhar:	Plean Gníomhaíochta 2016-2020 maidir le hInscne - Conclúidí ón gComhairle (an 26 Deireadh Fómhair 2015)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle i dtaca leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le hInscne, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3416ú cruinniú a bhí aici an 26 Deireadh Fómhair 2015.

Conclúidí ón gComhairle maidir le Plean Gníomhaíochta 2016-2020 maidir le hInscne

1. Is dlúthchuid de na luachanna Eorpacha é an comhionannas inscne agus cumhdaítear laistigh de chreat dlíthiúil agus polaitiúil an Aontais Eorpaigh (AE) é. Tá an tAontas agus na Ballstáit ar thús cadhnaíochta maidir le cearta an duine a chosaint agus a chomhlíonadh agus maidir le leas a bheith á bhaint as na cearta sin ag mná agus ag cailíní, agus déanann siad iad a chur chun cinn go mór i ngach aon chaidreamh seachtrach, agus sin sa bhreis ar chomhar don fhorbairt¹.
2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a conclúidí maidir le hInscne i gcomhthéacs na Forbartha an 26 Bealtaine 2015 agus cuireann sí in iúl an athuir a tiomantas láidir don chomhionannas inscne, do chearta an duine, do chumhachtú na mban agus na gcailíní agus don fhoréigean inscnebhunaithe a dhíothú. Cor tábhachtach don fhorbairt inbhuanaithe agus don chomhionannas inscne atá sa bhliain 2015. Glacadh Clár Oibre 2030 lena linn agus déantar an 20ú bliain ó glacadh Dearbhú agus Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising a chomóradh, mar aon leis an 15ú bliana ó glacadh Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle gur ainmníodh Príomhchomhairleoir SEGS maidir le hInscne, atá dírithe ar Mhná, ar an tSíocháin, ar an tSlándáil agus ar gach aon ábhar eile a bhaineann le hinscne.
3. Is díol sásaimh don Aontas Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa agus Clár Oibre 2030 maidir le Forbairt Inbhuanaithe lena n-athdhearbhaítear an ról bunriachtanach atá ag an gcomhionannas inscne agus ag cumhachtú na mban agus na gcailíní mar spreagadh don fhorbairt inbhuanaithe, don tsíocháin agus do chearta an duine a fhíorú ina n-iomláine dóibh. Is dlúthchuid de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe iad cearta na mban agus na gcailíní, mar sprioc ar leith agus mar shaincheist leathan.

¹ Gealltanais beartais agus gealltanais pholaitiúla an Aontais maidir le comhionannas inscne dá dtagraítear i bhfonóta 3, leathanach 2 den Doiciméid Inmheánach Oibre Comhpháirteach maidir le Comhionannas Inscne agus le Cumhachtú na mBan: Saol na gCailíní agus na mBan a Bhunathrú chun Feabhais trí Chaidreamh Seachtrach an Aontais Eorpaigh 2016-2020.

4. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé comhionannas inscne agus na riachtanais dhifreáilte atá ag mná, ag cailíní, ag buachaillí agus ag fir a chur san áireamh maidir le cúnamh daonnúil a chur ar fáil agus maidir le naisc a dhéanamh idir fóirithint, athshlánú agus forbairt. Leagann sí béim freisin ar a thábhachtaí atá sé foréigean gnéasach agus foréigean inscnebhunaithe (SGBV) a chosc agus freagairt don fhoréigean sin i gcásanna éigeandála. Tá cumhachtú agus rannpháirtiú na mban agus na gcailíní ag gach céim a bhaineann leis an bhfreagra daonnúil agus luaththéarnaimh rithábhachtach. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit go léir tacú le Teachtaireacht na Treorach um Ghníomh a dhéanamh maidir le Cosaint ar Fhoréigean Inscnebhunaithe (GBV) i gCásanna Éigeandála² agus iarann sí orthu freisin tacú le Treochlár 2016-2020 na Treorach um Ghníomh a dhéanamh³. Ba cheart anailís ar na rioscaí a bhaineann le hinscne agus le SGBV a chur san áireamh i ngach measúnú éigeandála, plean freagartha, togra le haghaidh maoinithe agus tuarascáil faireacháin agus meastóireachta. Spreagann an Chomhairle an Coimisiún agus na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh in idirghabhálacha a bhaineann le hinscne agus le SGBV i dtimpeallachtaí daonnúla agus infheistíocht a dhéanamh freisin chun acmhainní a bhaineann le SGBV a fhorbairt trí mhaoiniú daonnúil agus trí mhaoiniú forbraíochta.
5. Is díol sásaimh don Aontas freisin Creat Sendai 2015-2020 um Laghdú Rioscaí Tubaistí lena leagtar béim ar an ról uathúil atá ag mná agus ag cailíní maidir le hathléimneacht a fhorbairt, le leochaileacht a laghdú agus le rioscaí a bhainistiú sna comhphobail. Cuireann an Chomhairle i bhfáth a lárnaí atá an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban sna nósanna imeachta idirnáisiúnta atá ar bun i láthair na huair, amhail Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún NA ar an Athrú Aeráide (COP 21) agus Cruinniú Mullaigh Domhanda 2016 maidir le Cúrsaí Daonnúla, agus cuireann sí i bhfáth freisin a thábhachtaí atá sé go ndéanfar iad a chur chun feidhme ina dhiadh sin.

² Sheol an Roinn Forbartha Náisiúnta de chuid na Ríochta Aontaithe agus Gníomhaireacht na Sualainne don Chomhar um Fhorbairt Teachtaireacht na Treorach um Ghníomh a dhéanamh maidir le Cosaint ó Fhoréigean Inscnebhunaithe i gCásanna Éigeandála i mí na Samhna 2013;
https://www.gov.uk/government/uploads/system/uploads/attachment_data/file/256872/Final_Communique_v_11_Nov_4.pdf

³ Sheol John Kerry, Rúnaí Stáit na Stát Aontaithe agus Margot Wallström, Aire Gnóthaí Eachtracha/Leas-Phríomh-Aire na Sualainne, Treochlár 2016-2020 na Treorach um Ghníomh a dhéanamh an 1 Deireadh Fómhair 2015 ag an ócáid Ardleibhéil do 70ú Comhdháil Ghinearálta na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac:
<http://reliefweb.int/sites/reliefweb.int/files/resources/Call-to-Action-Roadmap.pdf>

6. Is díol sásaimh don Chomhairle an Doiciméad Inmheánach Comhpháirteach Oibre maidir le "Comhionannas Inscne agus le Cumhachtú na mBan: Saol na gCailíní agus na mBan a Bhunathrú chun Feabhais trí Chaidreamh Seachtrach an Aontais Eorpaigh 2016-2020" mar obair leantach ar na Conclúidí ó mhí Bealtaine 2015. Tar éis don Chomhairle iarraidh gurb uaillmhianach agus gur stóinsithe a bheidh an Plean a ghabhfaidh ionad Phlean Gníomhaíochta 2010-2015 maidir le hInscne, is díol sásaimh don Chomhairle an Plean Gníomhaíochta maidir le hInscne don tréimhse 2016-2020⁴ agus tacaíonn sí leis an bPlean sin, ina gcuirtear i bhfios go láidir an gá atá le fíorú iomlán chearta uile an duine agus shaoirsí bunúsacha ag mná agus cailíní ar bhonn cothrom, mar aon le baint amach comhionannais inscne agus cumhachtaithe ag mná agus cailíní.

Tá an tAontas tiomanta go hiomlán do chur chun feidhme na gceithre réimse is tábhachtaí a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta sin i gcás ghníomhaíochtaí seachtracha ar fad an Aontais:

- Sláine fhisiciúil agus shíceolaíochta na gcailíní agus na mban a áirithiú
- Cearta / cumhachtú sóisialta agus eacnamaíocha na mban agus cailíní a chur chun cinn
- An tionchar atá ag cailíní agus ag mná agus a rannpháirtíocht a neartú
- An Cultúr Institiúideach a athrú ionas go mbeidh torthaí níos éifeachtaí ar ghealltanais de chuid an Aontais

Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an doiciméad dírithe ar thorthaí agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí dul chun cinn a bhaint amach sna ceithre réimsí is tábhachtaí ar bhealach intomhaiste faoi 2020.

⁴ Tá Plean Gníomhaíochta 2016-2020 maidir le hInscne i gceangal leis na Conclúidí seo ón gComhairle.

7. Meabhraíonn an Chomhairle na conclúidí ón gceathrú tuarascáil maidir le Plean Gníomhaíochta an Aontais 2010-2015 faoi Chomhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan i dtaca le Forbairt agus an toradh a bhí ar an meastóireacht neamhspleách a rinneadh ar an tacaíocht a thugann an tAontas d'iarrachtaí ar son Comhionannais Inscne agus Cumhachtú na mBan i dTíortha Comhpháirtíochta. Iarrann sí ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit leas a bhaint as an eolas atá faighte go dtí seo agus dlús a chur leis na hiarrachtaí comhpháirteacha d'fhonn Plean Gníomhaíochta 2016-2020 maidir le hInscne a chur chun feidhme ar bhealach níos comhleanúnaí, níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, ag an gceanncheathrú agus i dtíortha comhpháirtíochta araon, i gcomhairliúchán leis an tsochaí sibhialta. Ní foláir dlúthbhaint le riachtanais na sochaí sibhialta a áirithiú le linn an timthrialla iomláin maidir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le hInscne a phleanáil, a chur chun feidhme agus maidir le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air. Áiritheofar, freisin, comhleanúnachas agus comhsheasmhacht le Plean Gníomhaíochta 2015-2019 an Aontais maidir le Cearta an Duine agus an Daonlathas agus leis an straitéis nua beartais i leith Comhionannais Inscne san Aontas tar éis 2015.
8. Cuireann an Chomhairle in iúl an athuair a thábhachtaí atá faireachán, meastóireacht, tuairisciú agus obair leantach a bheidh straitéiseach agus éifeachtúil. Is díol sásaimh di, dá bhrí sin, creat córasach faireacháin agus cuntasachta an Phlean Gníomhaíochta maidir le hInscne lenar féidir an dul chun cinn a thomhas i ndáil le comhionannas inscne agus le cearta agus cumhachtú cailíní agus na mban i dtríú tíortha. I ngeall ar a thábhachtaí atá an bPlean Gníomhaíochta maidir le hInscne mar uirlis chun Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme, tá an Chomhairle ag tnúth leis an tsraith dheiridh de tháscairí na Spriocanna Inbhuanaithe a bhfuiltear ag súil leo in 2016 agus iarrann sí ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar tháscairí an Phlean Gníomhaíochta maidir le hInscne agus ar Chreat nua an Aontais Eorpaigh le haghaidh Torthaí sa Chomhar agus san Fhorbairt dá réir sin. Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle béim ar an ról tábhachtach atá ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne.
9. Aithníonn an Chomhairle agus is díol sásaimh di an ról tábhachtach a bhí ag Tascfhórsa an Phlean Gníomhaíochta maidir le hInscne i bhforbairt an Phlean. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí leanúint dá chomhar leis na Ballstáit maidir leis an bPlean sin a chur chun feidhme agus le faireachán a dhéanamh air, go háirithe trí ghrúpa saineolaithe inscne na mBallstát.

10. Táthar ag súil go mbainfidh an Coimisiún, an tArdionadaí agus na Ballstáit amach na spriocanna a leagtar síos sa Phlean Gníomhaíochta maidir le hInscne agus go gcuirfidh siad tuarascáil thrédhearcach ar fáil maidir leis an dul chun cinn a dhéanfar mar aon le haon chéim chun deiridh agus maidir le maoiniú mar a leagtar amach sa Phlean. Chun na críche sin, tá na Ballstáit tiomanta do thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta agus spreagtar go láidir iad chun páirt ghníomhach a ghlacadh san fhaireachán a dhéanfar air. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaidh gníomhaithe uile an Aontais tuairisciú éigeantach córasach ar bhonn bliantúil d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht, ar thrédhearcacht agus ar chomhleanúnachas infheistíochtaí an Aontais agus ar an tionchar a bhíonn acu ar chomhionannas inscne agus d'fhonn feabhas a chur ar chuntasacht infheistíochtaí an Aontais do shaoránaigh an Aontais agus, sa deireadh thiar, do thairbhíthe. Cuirfidh seirbhísí an Choimisiúin agus SEGS an Chomhairle ar an eolas ar bhonn bliantúil maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta maidir le hInscne.
11. Iarrann an Chomhairle ar na páirtithe uile a áirithiú go mbeidh go leor acmhainní daonna agus airgeadais ann d'fhonn gealltanais an Aontais a bhaint amach go hiomlán maidir le comhionannas inscne agus cumhachtú agus cearta daonna na gcailíní agus na mban. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le maoiniú méadaithe faoi chuimsiú na gclúdach atá ann cheana chun cur chun feidhme éifeachtach na ngníomhaíochtaí a sainaitníodh sa Phlean Gníomhaíochta a áirithiú. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí leanúint leis an gcur chuige trí ghné a chur chun feidhme trí mheán gníomhaíochtaí spriocdhírithé, trí phríomhshruthú inscne éifeachtach agus trí idirphlé polaitiúil.
12. Cuirtear bealach ar fáil leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le hInscne le go ndéanfaidh caidreamh eachtrach an Aontais a chuid gealltanais i leith comhionannas inscne agus cumhachtú cailíní agus na mban a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí agus cuirtear deis ar fáil leis an bPlean chun béim a chur ar ról idirdhisciplíneach an chomhionannais inscne, i gcomhréir le gníomhaíocht inmheánach an Aontais, agus faoi chuimsiú Chlár Oibre uilíoch 2030 freisin. A bhuíochas air, beifear in ann páirt níos éifeachtaí a ghlacadh i seirbhísí uile an Choimisiúin agus SEGS agus cuirfear le comhleanúnachas beartais leis agus cuspóirí comhionannais inscne an Aontais á gcur chun feidhme. Cuirtear leis an taithí atá faighte agus leis an méid a baineadh amach go dtí seo leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le hInscne, baintear leas leis as an méid atá ar eolas ón am a d'imigh tharainn agus díritear go sonrach ar an am amach anseo, agus béim á leagan leis ar cheithre réimse ríthábhachtacha chun dul chun cinn fírinneach a bhaint amach maidir le comhionannas inscne agus chun saol na mban agus na gcailíní a bhunathrú chun feabhais.

13. Tá athrú institiúideach agus cultúrtha, mar aon le ceannasaíocht réamhghníomhach neartaithe, ina réamhchoinníollacha riachtanacha chun comhionannas inscne a bhaint amach i gcaidreamh seachtrach uile an Aontais, agus chun na réimsí téamacha a chur i bhfeidhm go hiomlán. Iarrann an Chomhairle mar sin ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí a áirithiú go dtabharfar an t-athrú cultúrtha institiúideach sin i gcrích go mear agus go hiomlán. Ní mór cumarsáid láidir, oiliúint leordhóthanach agus rannpháirtíocht ghníomhach Thoscaireachtaí an Aontais agus ambasáid na mBallstát a bheith ag gabháil leis.

Bearta maidir le Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan: Saol na gCailíní agus na mBan a Bhunathrú chun Feabhais trí Chaidreamh Seachtrach an Aontais Eorpaigh 2016-2020

Leis an Doiciméad Inmheánach Oibre Comhpháirteach "Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan: Saol na gCailíní agus na mBan a Bhunathrú chun Feabhais trí Chaidreamh Seachtrach an Aontais Eorpaigh 2016-2020" (SWD), cuirtear creat faireacháin agus freagrachta ar fáil ar féidir a úsáid mar bhata tomhais don dul chun cinn maidir le comhionannas inscne agus cearta agus cumhachtú na gcailíní agus na mban i dtíortha atá i mbéal forbartha, i dtíortha an mhéadaithe agus i dtíortha comharsanachta, lena n-áirítear i staideanna leochaileachta, coimhlinte agus éigeandála.

Tá feidhm aige maidir le seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh (na hArd-Stiúrthóireachtaí um Chomhar Idirnáisiúnta agus Forbairt, um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú, agus, nuair is ábhartha, um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta, mar aon leis an tSeirbhís d'Ionstraimí Beartais Eachtraigh) agus maidir leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), i ngach cás do na réimsí ar a bhfuil siad i gceannas, ar leibhéal na gceanncheathrún agus ar leibhéal Thoscaireachtaí an Aontais araon.¹ Leanfar den chomhordú agus den chomhoibriú le Ballstáit an Aontais a áirithiú.²

Táthar ag súil leis go gcomhlíonfar na bearta agus go dtuairisceofar go trédhearcach ar an dul chun cinn agus ar aon chéimeanna chun deiridh a bheidh ann, mar ghnáthchleachtas. Tá dhá chuspóir ag baint leis an tuairisciú:

- Éifeachtacht thionscnaimh an Aontais agus a dtiochar ar chomhionannas inscne a fheabhsú
- Cuntasacht thionscnaimh an Aontais d'institiúidí an Aontais agus do na saoránaigh, agus ar deireadh do na tairbhíthe, a fheabhsú.

Beidh gníomhaíochtaí téamacha agus geografacha an Aontais in ann aird a tharraingt ar na háiteanna ar chuir siad leis na ceithre thosaíocht uileghabhálach a leagtar béim orthu sa Doiciméad Inmheánach Oibre seo, ar an mbealach a rinneadh dul chun cinn a thomhais agus ar na hacmhainní a cuireadh ar fáil chun tacú le cuspóirí inscne.

¹ Gan dochar do na socruithe sonracha do thíortha is iarrthóirí ná do thíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí amach anseo faoi bheartas an Aontais maidir le méadú.

² Tagraítear feasta do sheirbhísí an Choimisiúin, do SEGS agus do Bhallstáit an Aontais mar "ghníomhaithe de chuid an Aontais".

D'fhonn cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus dian na modheolaíochtaí agus na dtáscairí tuairiscithe a áirithiú, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin agus SEGS treoir mhionsonraithe a fhorbairt (féach treoir chineálach in Iarscríbhinn 2). Spreagfar úsáid na gcóras atá ann cheana, amhail na Tuarascálacha Bainistíochta Gníomhaíochta Seachtraí (EAMR). Áirítear leis an Doiciméad Inmheánach Oibre agus le bearta na hIarscríbhíne seo táscairí lenar féidir súil a choimeád ar dhul chun cinn (ó thaobh rannchuidiú an Aontais agus ó thaobh dul chun cinn comhthéacsúil araon). Den chuid is mó, tá na táscairí bunaithe ar na táscairí a moladh sa phlé leanúnach idirnáisiúnta ar tháscairí na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) agus ar Chreat an Aontais maidir le Torthaí³. Déanfar athbhreithniú orthu sa bhliain 2016 tar éis ghlacadh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i mí Mheán Fómhair 2015, agus na dtáscairí gaolmhara atá fós le tabhairt chun críche sa chéad leath den bhliain 2016.

Cuid lárnach de chur chuige an tuairiscithe is ea:

- **Tuairisciú córasach ó ghníomhaithe uile an Aontais maidir leis an athrú cultúrtha institiúideach i gcomparáid leis** na táscairí **ábhartha** a leagtar amach san Iarscríbhinn seo⁴. Beidh an tuairisciú sin bunaithe ar eolas a thagann as tuairisciú inmheánach atá i bhfeidhm cheana féin ag Ballstáit an Aontais nó a chuirfidh siad i bhfeidhm i gcomhréir lena bpleananna gníomhaíochta nó lena mbeartais maidir le hinscne.
- **Anailís inscne chórasach** do gach gníomhaíocht sheachtrach nua uile (e.g. déthaobhach, réigiúnach, agus téamach). Bainfidh gníomhaithe an Aontais a bheidh ag tuairisciú ar a gcuid gníomhaíochtaí úsáid as sonraí imdhealaithe maidir le gnéas agus aois más ann do an sonraí sin.⁵ Breathnófar ar na féidearthachtaí chun tréaniarracht a dhéanamh, nuair is gá, sonraí a ghiniúint lena n-áirítear do dheiseanna chun cumas staidrimh a fhorbairt chun faisnéis atá íogair ó thaobh inscne de a thomhas agus a thuairisciú.

³ Creat Idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh le haghaidh Torthaí sa Chomhar agus san Fhorbairt a sheoladh, SWD(2015) 80 final, 26.3.2015

⁴ Sin an fáth go gcuirtear an tAthrú Cultúir Institiúideach i láthair i dtosach san Iarscríbhinn seo.

⁵ Plean Gníomhaíochta AE maidir le Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan san Fhorbairt 2010-2015 (SWD, SEC(2010) 265 final), 8.3.2010

Do na **trí thosaíocht théamacha** (sláine fhisiciúil agus shíceolaíoch, cearta eacnamaíocha agus sóisialta, tionchar agus rannpháirtíocht), nítear ag súil go dtuairisceoidh gníomhaithe an Aontais maidir le gach cuspóir. Tá dualgas **orthu a shainaithint cad iad na cuspóirí (ón Iarscríbhinn seo) a ndíreoidh siad a gcuid idirghabhála orthu, bíodh sin trí ghníomhaíochtaí inscne spriocdhírithe nó trí chomhionannas inscne a phríomhshruthú i ngníomhaíochtaí eile** (ar leibhéal ábhartha ag brath ar an gcineál cláir). Bheadh **an anailís inscne** chórasach, le linn gníomhaíochtaí nua a ullmhú, mar bhonn do roghnú na dtáscairí. Tá sainaitheint na gcuspóirí sonracha ón Iarscríbhinn seo agus na dtáscairí **le tabhairt chun críche faoin dara seimeastar de 2016, agus nuair is féidir i gcomhar le gníomaithe uile an Aontais.** Tuairisceoidh seirbhísí an Choimisiúin agus SEGS (ar leibhéal Thoscaireachtaí an Aontais agus na gceanncheathrún) go bliantúil maidir le rannchuidiú an Aontais le cuspóir amháin ar a laghad do gach tosaíocht théamach.⁶ Sainítear rannchuidiú an Aontais mar aschur forbartha agus mar thorthaí díreacha thionscadail agus chláir de chuid an Aontais ar féidir a nascadh le cuspóirí sonracha den doiciméad nmheánach oibre seo a bhaint amach.

⁶ Tabharfar díolúine do DG ECHO os rud é nach bhfreagraíonn na **gníomhaíochtaí** a chumhdaítear faoina sainordú daonnúil siúd ach do cheann de na tosaíochtaí téamacha.

A. Aistriú Cultúir Institiúidigh i gCaidreamh Seachtrach an Aontais Eorpaigh — TUAIRISCIÚ CÓRASACH

Sprioc: Áiritheoidh an tAontas go n-aistreofar na gealltanais maidir le comhionannas inscne ina dtorthaí soiléire inláimhsithe lena ngabhfaidh feabhas ar chomhordú, ar chomhleanúnachas, ar cheannaireacht, ar fhianaise agus ar anailís inscne, agus acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna.

Cuspóirí	Gníomhaíochtaí	Táscairí	Gníomhaithe
1. <u>Comhleanúnachas agus comhordú</u> méadaithe i measc institiúidí an Aontais agus leis na Ballstáit.	1.1. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar an leibhéal polaitiúil agus ar an leibhéal déthaobhach, seasaimh chomhpháirteacha an Aontais Eorpaigh a fhorbairt lena leagfar béim ar ghnéithe maidir le hinscne agus maidir le cearta an duine.	1.1.1. Gach bliain, N# sheasaimh an Aontais do na príomhchláir oibre idirnáisiúnta a raibh fócas ar chomhionannas inscne agus ar chearta na mban agus na gcailíní mar chuid díobh	SEGS
		1.1.2. N# na n-idirphlé polaitiúil/ beartais in aghaidh na bliana agus ar leibhéal na tíre idir gníomhaithe an Aontais agus na comhpháirtithe sa tír ina n-ardaítear saincheisteanna faoi chomhionannas inscne	Seirbhísí an Choimisiúin (CE), SEGS, na Ballstáit
	1.2. Beartais an Aontais maidir le saincheisteanna trasteorann chun machnamh a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu maidir le comhionannas inscne sna tíortha comhpháirtíochta.	1.2.1. Stádas na Straitéise Eorpaí maidir le Deiseanna Comhionannais idir Mná agus Fir 2010-2015 (Straitéis Gharsprioc 1 glactha; Straitéis Gharsprioc 2 curtha chun feidhme)	CE
	1.3. Formhuiniú ó na Ballstáit do bhearta maidir le "Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan: Saol na gCailíní agus na mBan a Bhunathrú chun Feabhais trí Chaidreamh Seachtrach an Aontais Eorpaigh 2016-2020" agus tacaíocht chun na tosaíochtaí atá leagtha amach a bhaint amach.	1.3.1. Roinnt clár ó na mBallstát a thacaíonn leis na tosaíochtaí a sainaithníodh sa doiciméad inmheánach oibre (SWD)	CE, na Ballstáit
	1.4. Institiúidí an Aontais agus na Ballstáit chun an prionsabal a chur i bhfeidhm maidir le comhroinnt ualaigh i gcás cur chun feidhme chuspóirí an SWD, agus comhchuibheas a áirithiú leis na straitéisí tíre i leith Chearta an Duine.	1.4.1. N# na dtíortha comhpháirtíochta i gcás ina bhfuil EUDanna agus na Ballstáit tar éis comhaontú ar bhearta a bhaineann sonracha le comhthéacs ón SWD	CE, na Ballstáit
		1.4.2. N# na dtíortha comhpháirtíochta a bhfuil sásraí comhordúcháin deontóra acu faoi stiúir an Aontais ar thaobh an deontóra	CE, na Ballstáit
		1.4.3. N# na straitéisí tíortha maidir le cearta an duine lena áirítear mar chuspóir iontu an comhionannais inscne	SEGS

Cuspóirí	Gníomhaíochtaí	Táscairí	Gníomhaithe
2. <u>Ceannaireacht</u> tiomnaíthe maidir le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a bhunú in institiúidí an Aontais agus sna Ballstáit.	2.1. Seaimpíní polaitiúla agus ar leibhéal na bainistíochta a shainaithint as measc ghníomhaithe ábhartha an Aontais.	2.1.1.N# na seaimpíní sinsearach a cheapadh ag an gceanncheathrú agus ar leibhéal na tíre	CE, SEGS, na Ballstáit
		2.1.2. An bhfuil meicníocht le bunú chun dul i gcomhairle le saineolas sinsearach seachtach maidir le saincheisteacha straitéiseacha agus ad-hoc i ndáil le comhionannas inscne (i. bord comhairleach)	CE
	2.2. Feabhas a chur ar rannpháirtíocht na mban i bhfeidhmeanna cinnteoireachta laistigh den Aontas.	2.2.1. Cóimheas na mban mar Cheannairí Misin an Aontais (Bunlíne 2014: 24 %)	CE, SEGS, na Ballstáit
	2.3. Dreasachtaí a fhorbairt do bhainisteoirí chun trédhearcacht a fheabhsú agus a áirithiú go mbainfear torthaí maidir le comhionannas inscne amach, lena n-áirítear trí leithdháileadh acmhainní agus foirne, trí chórais luaíochta agus trí chaighdeán íosta a athchóiriú. ¹	2.3.1.N# na ndea-chleachtas léirithe i dtuarascálacha Bliantúla Institiúideacha.	CE, SEGS, na Ballstáit
		2.3.2.N# na ngníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh in aghaidh na bliana chun feabhas a chur ar fheidhmíocht maidir le comhionannas inscne	CE, na Ballstáit, SEGS
		2.3.3. An tuisceant atá ag foireann an Aontais ar fheidhmíocht na bainistíochta maidir le cúrsaí inscne (Foinse: suirbhé bhliantúil)	CE, SEGS, na Ballstáit
		2.3.4.N# na luachanna saothair nó a gcomhionann a thabhairt amach d'fhoireann na bainistíochta/an chláir de réir critéir atá comhaontaithe	CE, SEGS, na Ballstáit
		2.3.5. Torthaí deiridh mheastóireacht neamhspleách cheannairí an Aontais maidir le comhionannas inscne	CE, SEGS, na Ballstáit
	2.4. Bainistiú le hathbhreithniú agus le tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí maidir le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní agus cuspóirí uilmhianacha nua a leagan amach.	2.4.1. An áirítear i gcórais tuairiscithe chorparáide meastóireacht shoiléir ar feidhmíocht maidir leis na cuspóirí SWD mar cheanglas	CE, SEGS, na Ballstáit
		2.4.2.N# na seiceálacha ar an láthair chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht maidir le comhionannas inscne in aghaidh na bliana	CE, SEGS, na Ballstáit
		2.4.3. Torthaí ó mheastóireacht neamhspleách ar cháilíocht agus ar raon feidhme thorthaí an Aontais do mhná agus do chailíní	CE, SEGS, na Ballstáit
		2.4.4.N# na gcuspóirí SWD a roghnaíonn EUDanna agus na Ballstáit le tuairisc a thabhairt in n-aghaidh ar leibhéal na tíre	CE, SEGS, na Ballstáit

¹ Is iad seo a leanas na híoschaighdeáin feidhmíochta: Marcáil inscne OECD/DAC 0 (marcáil lena dtugtar scór do thionscadail bunaithe ar a shuntasáí atá an ghné inscne a bhaineann leo) a bhfuil bonn cirt i gcónaí léi; déantar anailís inscne do gach réimse tosaíochta (faoi dheireadh 2016); úsáidtear sonraí imdhealaithe de réir inscne síos tríd an tionscadal agus trí thimthriall an chláir agus sa chláréagrú; saineolas inscne ar fáil agus in úsáid go tráthúil i dtimthriall an chláir agus sa chláréagrú; roghnaítear cuspóirí SWD le tuairisciú ina leith.

Cuspóirí	Gníomhaíochtaí	Táscairí	Gníomhaithe
3. Acmhainní <u>leordhóthanacha</u> a leithdháileadh ó institiúidí an Aontais agus ó na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar ghealltanais bheartais inscne an Aontais.	3.1. Athbhreithniú Meántearma 2017 an Aontais ar ionstraimí maoinithe agus athbhreithnithe ar na doiciméid chlárúcháin ilbhliantúla (nó a chomhionann i gcás nithe eile) chun a oibriú amach an bealach a bhféadfaí torthaí do chailíní agus do mhná de gach aois a fheabhsú.	3.1.1. Athrú (méadú laghdú) ar mhaoiniú tiomnaithe chun feabhas a chur ar na torthaí do chailíní agus do mhná tar éis athbhreithnithe agus AMT 2017 (nó a choibhéis)	CE, na Ballstáit
	3.2. Foireann an Aontais i bpoist iomchuí (lena n-áirítear ceannairí misin) chun oiliúint a fháil maidir le comhionannas inscne.	3.2.1. N# na foirne, arna n-imdhealú de réir leibhéil, le hoiliúint a fháil maidir le comhionannas inscne in aghaidh na bliana, agus tuairisciú a dhéanamh ar athruithe ar an tslí a n-oibríonn siad.	CE, SEGS, na Ballstáit
		3.2.2. N# na ndaoine mar lártheagmhálaithe inscne (nó a gcoibhéis) chun oiliúint a fháil in aghaidh na bliana.	CE, SEGS, na Ballstáit
		3.2.3. Inscne a phríomhshruthú i ngach cúrsaí oiliúna a chuirtear ar fáil ²	CE, SEGS, na Ballstáit
	3.3. Freagrachtaí agus cúraimí chun comhionannas inscne a chur chun cinn a chur san áireamh sna tuairiscí poist.	3.3.1. N# na ndaoine mar lártheagmhálaithe inscne (nó a gcoibhéis) a bhfuil 3 bliana de saineolas inscne agus/nó níos mó ná 5 bliana de thaithí theicniúil i réimse gaolmhar acu	CE, SEGS, na Ballstáit
		3.3.2. N# na dtuairiscí poist a bhfuil an comhionannas inscne mar limistéar freagrachta iontu, de réir sinsearachta	CE, SEGS, na Ballstáit
		3.3.3. Pointe inscne san áireamh sna córais maidir le measúnú feidhmíochta i gcás na foirne ábhartha (Bainistíocht, Ceannairí Misin, Lártheagmhálaithe Inscne, srl.)	CE, na Ballstáit, SEGS
	3.4. Éascaíocht a dhéanamh don bhealach ina bhfoghlaímíonn an Aontas agus an chaoi a gcoimeádann sé ar na córais maidir léi feasacht a bhainistiú i ndáil le comhionannas inscne.	3.4.1. Pacáiste acmhainní inscne ón Aontas (i. taighde, forbairt cumais agus ábhar chun cur le heolas) (faoi Aibreán 2016)	CE
		3.4.2. Capacity4dev.eu staidreamh úsáideoirí maidir le hacmhainní inscne	CE
	3.5. Saineolas teicniúil a sholáthar maidir le cúrsaí inscne do ghníomhaithe an Aontais ag an gCeanncheathrú agus sa tír chomhpháirtíochta	3.5.1. N# na bhfreagraí a tugadh ar roinnt ceisteanna, arna n-imdhealú de réir réimse téamach	CE, SEGS, na Ballstáit

² Garspíoc 1: tús le príomhshruthú in 2016. Garspíoc 2: oiliúint inscne le príomhshruthú i ngach cúrsa oiliúna feidhmiúla foirne agus bainistíochta faoi 2017

Cuspóirí	Gníomhaíochtaí	Táscairí	Gníomhaithe
4. <u>Fianaise stóinsithe inscne</u> a úsáid chun caiteachas seachtrach, clárú agus ceapadh beartais uile an Aontais a threorú.	4.1. Gníomhaíochtaí uile, beag beann ar a rialacha mionsonraithe i ndáil le cabhair (e.g. tacaíocht buiséid), a theorú le diananailís inscne a léirítear i gcur chun feidhme an chláir deiridh.	4.1.1.N# na glár téamach déthaobhach agus réigiúnach in aghaidh na bliana ag baint úsáide as anailís inscne chun a leagan amach a threorú.	CE, na Ballstáit
		4.1.2.N# na meastóireachtaí cláir in aghaidh na bliana lena n-áirítear measúnú ar an tionchar ar mhná agus ar chailíní.	CE, na Ballstáit
	4.2. Próisis a bhunú chun cáilíocht a áirithiú i gcás doiciméid tionscadail; agus ceisteanna a chur maidir le caiteachas a fhorghnó nuair nach ndéantar dóthain machnaimh ar chúrsaí inscne.	4.2.1. An ndéantar próisis inmheánacha maidir le athbhreithniú modheolaíochta chun cúrsaí inscne a phríomhshruthú i sásraí chun cáilíocht a áirithiú (i. i gcás CE: Grúpa Tacaíochta Cáilíochta, srl.).	CE, na Ballstáit
		4.2.2.N# na nDoiciméad nua Gníomhaíochta (nó a gcoibhéis) le tráchtairacht agus le hathbhreithniú a dhéanamh orthu ina dhiaidh sin lena n-áirítear machnamh neamhleordhóthanach ar chúrsaí inscne.	CE, na Ballstáit
	4.3. A áirithiú go léireofar treoir sna cláir ar leibhéal na tíre, beag beann ar an earnáil, ó chomhairliúcháin leis na Sásraí Náisiúnta maidir le Comhionannas agus le hEagraíochtaí sa tSochaí Shibhialta atá ag obair ar chearta na mban agus na gcailíní.	4.3.1.% de na cláir le húsáid a bhaint as torthaí na gcomhairliúcháin leis na Sásraí Náisiúnta maidir le Comhionannas agus le hEagraíochtaí sa tSochaí Shibhialta, le heagraíochtaí na mban, chun treoir a thabhairt do leagan amach na gníomhaíochta.	CE, na Ballstáit
5. <u>Torthaí</u> do mhná agus do chailíní a thomhas agus acmhainní a leithdháileadh chun dul chun cinn a rianú go córasach.	5.1. Creataí torthaí corparáideacha (e.g. Creat Thorthaí an Aontais), lena gcuirfear san áireamh táscairí atá iógair ó thaobh inscne de agus sonraí imdhealaithe de réir inscne.	5.1.1. Stádas an fhaireacháin ar thorthaí maidir le táscairí atá iógair ó thaobh inscne de (Garspíoc 1: faoi dheireadh 2016, más gá, creataí torthaí corparáideacha a athbhreithniú chun táscairí atá iógair ó thaobh inscne de agus sonraí imdhealaithe de réir inscne a ailíniú le táscairí SDGanna. Garspíoc 2: Faoi dheireadh 2016 na torthaí uile a áireamh maille leis na torthaí i gcreataí torthaí corparáideacha a imdhealú de réir inscne i gcás inarb ábhartha	CE, na Ballstáit
		5.1.2.% de na torthaí imdhealaithe i gcás inarb ábhartha de réir inscne i gCreat(aí) Torthaí	CE, na Ballstáit
		5.1.3.Stádas tháscairí SWD i gcomparáid leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFIanna) (sprioc — ag deireadh 2016, más gá,	CE, SEGS, na Ballstáit

Cuspóirí	Gníomhaíochtaí	Táscairí	Gníomhaithe
	5.2. Táscairí SWD a athbheithniú ar bhonn chreat faireacháin/tháscairí na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna).	athbheithniú a dhéanamh ar an SWD lena gcuirtear na táscairí críochnaitheacha SFI san áireamh)	
	5.3. Marcáil Bheartais maidir le Comhionannas Inscene ó Choiste Cúnaimh Forbartha na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (g-mharcáil) a chur i bhfeidhm go córasach agus bonn cirt le scórála G0 a thabhairt don bhainistíocht.	5.3.1.N# na mbonn cirt do scórála G0 ar an Scóráil ECFE (sainmhínítear mar seo a leanas: "gan aon dlúthinniúlacht tionchar a bheith aige ar chomhionannas inscne")	CE, na Ballstáit
		5.3.2.% na gclár nua a scórála G1 nó G2 (Sprioc: scóráilfaidh 85% de na clár nua scór G1 nó G2 faoi 2020)	CE, na Ballstáit
6. <u>Comhpháirtíocht</u> aí a chothú idir an tAontas agus na geallsealbhóirí chun cur leis an gcumas náisiúnta maidir le comhionannas inscne.	6.1. Tacú le cumas institiúidí náisiúnta staidrimh, leis an lucht acadúil agus le ESSanna, taighde agus anailís neamhspleách a dhéanamh, lena n-áirítear anailís mhaicreacnamaíoch, buiséadú a chuireann cúrsaí inscne san áireamh agus steiréitíopaí inscne.	6.1.1.Roinnt tionscadail taighde a chómhaoiniú le cistí ón Aontas (EUD/BS) maidir le saincheisteanna a bhaineann le hinscne	CE, na Ballstáit
		6.1.2.N# na gclár a bheidh ag tuairisciú maidir le feabhas ar cháilíocht agus ar infhaighteacht staidrimh imdhealaithe de réir inscne/staidreamh sonrach inscne trí thacaíocht ón Aontas	CE, na Ballstáit
	6.2. Comhordú a neartú idir an tAontas agus gníomhaithe (idirnáisiúnta) ag obair go háitiúil, go háirithe ar leibhéal an idirphlé pholaitiúil.	6.2.1.N# na dtíortha comhpháirtíochta le sásraí comhordúcháin inscne lena n-áirítear gníomhaithe (idirnáisiúnta) ag obair go háitiúil	CE, na Ballstáit
	6.3. Tacú le Sásraí Náisiúnta maidir le Comhionannas ina ról comhordaithe maidir le comhionannas inscne ar leibhéal na tíre.	6.3.1.N# na gclár le haghaidh Sásraí Náisiúnta maidir le Comhionannas le tacaíocht ón Aontas a fháil	CE, SEGS, na Ballstáit
		6.3.2.N# na gclár eanála a chur ag obair le Sásraí Náisiúnta maidir le Comhionannas	
	6.4. Obair i gcomhar le hoibreoirí na meán chun cur lena bhfeasacht féin agus le feasacht an phobail maidir le comhionannas inscne.	6.4.1.N# na dtionscadal chun feasacht a mhéadú i measc na meán áitiúil agus náisiúnta maidir le saincheisteanna inscne i dtíortha comhpháirtíochta agus a fhaigheann tacaíocht ón Aontas	CE, SEGS, na Ballstáit

B. Tosaíocht théamach: Iomláine Fhisiciúil agus Shíceolaíoch

Sprioc: Leanfaidh an tAontas de bheith ag cuidiú ar bhealach intomhaiste le cosc a chur ar gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní, agus freagairt air sin. Sa tábla thíos tugtar liosta neamhchuimsitheach de na táscairí is féidir a úsáid chun an dul chun cinn agus/nó rannchuidiú an Aontais leis an athrú a thomhas. Ba cheart tuairisciú a dhéanamh ar na táscairí is ábhartha i ndáil leis na spriocanna a roghnaíodh agus iad sin amháin³. Tá liosta neamhchuimsitheach sa tábla freisin de na cineálacha gníomhaíochtaí agus samplaí is féidir a chur chun feidhme chun na cuspóirí sonracha a bhaint amach. Níl siad saintreorach; ba cheart gníomhaíochtaí a roghnú ar bhonn comhthéacs agus tosaíochtaí tíre⁴.

Cuspóirí	Táscairí	Samplaí de ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann
7. Cailíní agus mná atá <u>saor ó gach cineál foréigin</u> ina gcoinne (VAWG) san earnáil phoiblí agus phriobháideach araon.	7.1. % na mban atá idir 20-24 bliain d'aois a bhí pósta nó páirteach in aontas ag aois 15 (SDG 5.40)⁵ 7.2. Leitheadúlacht cailíní agus ban 15-49 a d'fhulaing foréigean fhisiciúil nó ghnéasach (ag comhpháirtí phearsanta) sa 12 mhí dheireanacha (SDG 5.38) 7.3. % na gcásanna tarchurtha a bhaineann le foréigean atá bunaithe ar ghnéis nó inscne i gcoinne na mban agus na leanaí a ndéanfar imscrúdú nó a dtabharfar breith ina leith (SDG 5.39) 7.4. % na gcailíní agus na mban idir 15-49 bliana d'aois atá tar éis ciorrú ball giniúna ban nó gearradh a fhulaingt (SDG 5.41) 7.5. N# na ndaoine aonair atá ag baint leas díreach as cláir don Cheartas, don Smacht Reachta agus d'Athchóiriú na hEarnála Slándála atá á gcistiú ag an Aontas (AE RF) 7.6. Cóimheas gnéis a thomhas agus comparáid a	- Tacú le gníomhaíocht pholaitiúil, reachtach, bhreithiúnach, & fhorghníomhaithe an dlí lena gcomhlíonfar na caighdeáin chomhaontaithe a chuireann an comhionannas inscne chun cinn. - Tacú le gníomhaíocht reachtach chun pionós a ghearradh ar an bhforéigean uile i gcoinne na mban agus na gcailíní (VAWG) agus ar an bhforéigean uile atá bunaithe ar inscne agus tacú le híospartaigh a chosaint. - Tacú le cumhdach cuimsitheach maidir le cosaint na mban agus na gcailíní agus maidir le lucht déanta coireanna a ionchúiseamh. - Feabhas a chur ar chumas na mbreithiúna agus lucht fhorghníomhaithe an dlí chun sásamh a chur ar fáil d'íospartaigh VAWG, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta. - Infheistiú a dhéanamh i seirbhísí rialtasacha agus neamhrialtasacha a thacaíonn le marthanóirí VAWG. - Tacú le sonraí VAWG a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh, lena n-áirítear trí Oifigí Náisiúnta Staidrimh. - Oideachas ginearálta a spreagadh le haghaidh athrú iompraíochta maidir le foréigean atá bunaithe ar inscne, ina mbeidh fir agus buachaillí agus pobail rannpháirteach.

³ Tá tuilleadh mionsonraí sa Nóta Treorach (Iarscríbhinn 2).

⁴ Ag féachaint don sainordú sonrach atá aici, tugann an Ard-Stiúrthóireacht um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta (ECHO) tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí agus ar tháscairí atá ábhartha don ghníomhaíocht dhaonnúil.

⁵ Le uimhir thagartha de tháscairí SDG atá beartaithe, déantar tagairt don leagan ón 20 Márta 2015.

Cuspóirí	Táscairí	Samplaí de ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann
	dhéanamh ar mhorthlaíocht leanaí de réir inscne	
8. Deireadh a chur le gáinneáil ar mhná agus ar chailíní le haghaidh gach cineáil dúshaothraithe.	8.1. N# na dtíortha ina gcomhlíontar na moltaí ón Athbhreithniú Tréimhsiúl Uilechoiteann agus ó chonarthaí NA (tag. CEDAW, CRC, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta agus Prótacal Palermo) (leasú ar SDG 16.2) 8.2. N# na ndaoine aonair atá ag baint leas díreach as cláir gháinneála arna maoiniú ag an Aontas	- Tacú le reachtaíocht atá láidir agus íogair ó thaobh inscne de i gcoinne na gáinneála ar dhaoine. - Infheistiú a dhéanamh i seirbhísí rialtasacha agus neamhrialtasacha do mharthanóirí, chun iad a chumhachtú, ar mhaithe lena bhfolláine agus chun iad a athimeascadh go hiomlán sa tsochaí. - Infheistíocht a dhéanamh in oideachas ginearálta maidir le cásanna ina bhfuil daoine i mbaoil gáinneála a chosc agus a laghdú, agus aird ar leith á tabhairt ar leanaí a chosaint. - Tacú le sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh ar spreagthaí agus ar shásraí na gáinneála.
9. Cosaint do mhná agus d'fhir uile de gach aois ón bhforéigean gnéasach agus inscnebhunaithe i gcásanna géarchéime; trí ghníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón Aontas.	9.1. N# de thíortha comhpháirtíochta an Aontais ina dtuairiscítear laghdú ar mhínicíocht an fhoréigín ghnéasaigh mar arm cogaidh 9.2. N# na dtíortha a chomhlíonann na moltaí ón Athbhreithniú Tréimhsiúl Uilechoiteann agus conarthaí NA (SDG 16.2) 9.3. Líon na mbásanna foréigneach in aghaidh an 100,000 a imdhealaítear de réir gnéis (Leibhéal 1 EURF) 9.4. N# na ndídeanaithe (SDG 16.89) 9.5. Caillteanais ó thubaistí nádúrtha mar thoradh ar theagmhais a bhaineann leis an aeráid agus nach mbaineann leis an aeráid (i \$ SAM agus daoine a cailleadh) (SDG 11.6 crostagairt) 9.6. N# na ndaoine aonair a bhaineann leas díreach as cláir a fhaigheann tacaíocht ón Aontas a bhfuil sé mar aidhm shonrach acu tacú le cothú síochána sibhialta iarchoinbhleachta agus/nó coinbhleachtaí a chosc (EURF) 9.7. N# na ngníomhaíochtaí spriocdhírthe daonnúla atá maoinithe ag an Aontas a fhreagraíonn ar GBV. 9.8. % na miseán chun an tsíocháin a choimeád agus chun an tsíocháin a chothú lena mbaineann forálacha	- Tacú le tionscnaimh chun dul i ngleic leis an gclaonadh atá ann scaoileadh le daoine gan baol pionóis i ndáil le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe. - Tacú le córais chuntasachta mar atá sna treoirlínte maidir le Foréigean atá Bunaithe ar Inscne ón mBuainchoiste Idir-Ghníomhaireachta; oiliúint a chur ar fhórsaí síochánaíochta, míleata agus slándála, maidir le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe. - Beartais chosanta a chur chun feidhme maidir le freagairtí daonnúla leormhaithe lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shonracha agus leochaileachtaí na bhfear agus na mban de gach aois. - Foréigean i gcoinbhleachtaí, ar foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe é, a chosc agus a laghdú trí chórais shásaimh ar leibhéal an Chomhphobail, trí chumhachtú na mban agus rannpháirtíocht na bhfear agus na mbuachaillí. - Tacú le seirbhísí cúraim sláinte agus le ESSanna atá ag obair chun marthanóirí an fhoréigín ghnéasaigh agus inscnebhunaithe a théarnamh go siceolaíoch agus go fisiceach agus iad a shníomh ar ais sa tsochaí. - Páirt a ghlacadh, a mhéid is féidir, i gcláir feasachta pobail maidir le foréigean ghnéasach agus inscnebhunaithe.

Cuspóirí	Táscairí	Samplaí de ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann
	sonracha chun feabhas a chur ar shlándáil agus ar stádas na gcailíní agus na mban de gach aois 9.9. N# na gclár daonnúil atá á maoiniú ag an Aontas agus marcáil 2 faighte acu ó mharcóir inscne/aoise ECHO agus/nó ón marcóir don Bhuanchoiste Idir-Ghníomhaireachta (IASC) 9.10. N# de Bhallstáit an Aontais agus de na tíortha comhpháirtíochta a shínigh an tionscnamh domhanda maidir le Treoir um Ghníomh a dhéanamh maidir le Cosaint ar Fhoréigean Inscnebhunaithe i gCásanna Éigeandála	
10. Rochtain chomhionann ar sheirbhísí ardchaighdeán cúraim sláinte coisctheacha, leigheasacha, athshlánúcháin fisiciúla agus meabhreacha do chailíní agus do mhná.	10.1. % na ndaoine i limistéir eindéimeacha maláire a chodlaíonn faoi líonta ben a chóireáiltear le feithidicídí (SDG 3.11) 10.2. Céatadán na ndaoine a bhfuil neamhord tromchúiseach meabhrach orthu (síocóis, neamhord dépholach mothálach nó dúlagar measartha nó tromchúiseach) agus atá ag baint úsáid as seirbhísí (SDG 3.28) 10.3. % na dtairbhíthe a úsáideann ospidéal, lárionaid sláinte agus clinicí a sholáthraíonn uisce bunúsach óil agus sláintíocht agus sláinteasach leordhóthanach (SDG 6.5) 10.4. N# na ndaoine a bhfuil ionfhabhtú aibíthe VEID acu agus a fhaigheann drugaí frith-aivíreasacha le tacaíocht ón Aontas (EURF) 10.5. N # na leanaí a bhfuil 1 bhliain d'aois slánaithe acu agus a imdhíonaítear faoi thacaíocht an Aontais (EURF)	- Tacú le síneadh a chur le cumhdach náisiúnta agus leis an rochtain atá ag na mná de gach aois ar gach cineál seirbhísí cúraim sláinte, agus aird á tabhairt ar idirdhealú de chineálacha éagsúla, e.g. aois, eitneachas, reiligiún, tuaithe agus uirbeach, etc. - Tacú le deireadh a chur le haon bhacainní lena dteorannaítear an rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte ar ardchaighdeán agus atá inacmhainne do chách. - Infheistíocht a dhéanamh i sláinte chomhtháite máithreacha agus leanaí agus go leor gairmithe cúraim sláinte atá cáilithe a chur ar fáil ar fud na tíre.

Cuspóirí	Táscairí	Samplaí de ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann
11. An ceart atá ag gach duine smacht iomlán a bheith aige ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó leithcheal, ó chomhéigean agus ó fhoréigean agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach faoin méid sin.	11.1. Cóimheas na mortlaíochta máthartha 11.2. Cumhdach maidir le seirbhísí cúraim réamhbhreithe (cuairt amháin ar a laghad agus ceithre cuairt ar a laghad) (SDG 3.2) 11.3. % na mban le scagadh ailse cheirbheacs (SDG 3.17) 11.4. Comhlíonadh an éilimh do phleanáil teaghlaigh (SDG 5.44) 11.5. % na ndaoine óga a fhaigheann oideachas cuimsitheach gnéis (SDG 5.5) 11.6. N# na mbreitheanna a d'fhreastail pearsanra oilte orthu agus tacaíocht ón Aontas ar fáil dóibh (EURF) 11.7. N# na mban a úsáideann aon mhodh frithghiniúna agus tacaíocht ón Aontas ar fáil dóibh (EURF)	- Tacú le comhlíonadh reachtaíochta agus beartais an Chláir Ghníomhaíochta den Chomhdháil Idirnáisiúnta maidir le Forbairt Daonra agus torthaí a gcomhdhálacha athbhreithnithe. - Tacú le rochtain uilíoch a fháil ar sheirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe atá ar ardchaighdeán, inacmhainne agus cuimsitheach. - Tacú le seirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe atá ar ardchaighdeán, inrochtana agus inacmhainne, lena n-áirítear pleanáil teaghlaigh do chailíní agus do mhná in aois atáirgthe agus dá gcomhpháirtithe, agus le cóir leighis a chur ar ghalair ghnéas-seolta.

Cuspóirí	Táscairí	Samplaí de ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann
12. Leibhéal fholláine chothaithe do chailíní agus do mhná agus ar fud a saolré.	12.1. % na leanaí a rugadh le hisealmheáchan breithe (SDG 2.3) 12.2. Cion an daonra faoi bhun leibhéal íosta ídithe fuinnimh maidir le cothú (SDG 2.8) 12.3. % na mban in aois atáirgthe a bhfuil ainéime acu (SDG 2.9) 12.4. % an daonra incháilithe atá cumhdaithe faoi chláir chosanta shóisialta náisiúnta (SDG 1.4) 12.5. N # na mban de gach aois, ach go háirithe in aois atáirgthe, agus na leanaí faoi 5 a bhaineann tairbhe as cláir a bhaineann le cothú le tacaíocht an Aontais (EURF) 12.6. N # na ndaoine a bhfuil ganntanas bia acu a fhaigheann cúnamh trí aistrithe sóisialta arna dtacú ag an Aontas (EURF)	- Cumhacht a thabhairt do mhná (trí ioncam, rialú acmhainní agus eolas) mar phríomhghníomhaithe chun feabhas a chur ar an gcothú dóibh féin agus dá dteaghlach. - Tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme clár a bhaineann le cothú do theaghlaigh leochaileacha. - Tús áite a thabhairt don mhíchothú a laghdú i measc na mban sin atá ag iompar clainne agus atá ag lachtadh.

C. Tosaíocht théamach: Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha — Cumhachtú Eacnamaíoch agus Sóisialta

Sprioc: Leanfaidh an tAontas de bheith ag rannchuidiú ar bhealach intomhaiste le cailíní agus mná a chumhachtú ar bhonn eacnamaíoch agus sóisialta, lena rannpháirtíú go gníomhach sa gheilleagar agus chun dúshaothrú eacnamaíoch a chosc.

Sa tábla thíos tugtar liosta neamhchuimsitheach de na táscairí is féidir a úsáid chun an dul chun cinn agus/nó rannchuidiú AE leis an athrú a thomhas. Ba cheart tuairisc a dhéanamh ar na táscairí is ábhartha i ndáil leis na spriocanna a roghnaíodh agus iad sin amháin.⁶ Tá liosta neamhchuimsitheach sa tábla freisin de na cineálacha gníomhaíochtaí agus samplaí is féidir a chur chun feidhme chun na cuspóirí sonracha a bhaint amach. Níl siad saintreorach; ba cheart gníomhaíochtaí a roghnú ar bhonn comhthéacs agus tosaíochtaí tíre⁷.

Cuspóirí	Táscairí	Samplaí de na gníomhaíochtaí
13. Rochtain chothrom a bheith ag cailíní agus ag mná ar gach leibhéal den oideachas, den ghairmoideachas agus den ghairmoiliúint (VET)ardchaighdeán agus iad a bheith saor ó idirdhealú.	13.1 Ráta críochnúcháin bunoidreachais do chailíní agus do bhuachaillí (Sprioc Forbartha Inbhuanaithe {SFI} 4.33) 13.2 Ráta críochnúcháin meánoideachais do chailíní agus do bhuachaillí (SFI 4.35) 13.3 Rátaí clárúcháin sa treasoideachas do mhná agus d'fhir (SFI 4.37) 13.4 Ráta litearthachta do dhaoine idir 15-24 bliain d'aois (SFI 4.5) 13.5 Céatadán na ndaltaí i mbunscoileanna agus i meánscoileanna ina soláthraítear uisce óil, sláintíocht leormhaith agus áiseanna leormhaith sláinteachais (SFI 6.4) 13.6 Pearsanra atá ag gabháil don taighde agus don fhorbairt (in aghaidh an mhilliúin áitritheoir) (SFI 9.63)	- Tacú leis an reachtaíocht agus leis an gcumas náisiúnta chun go bhféadfar oideachas ardchaighdeán, neamh-idirdhealaitheach d'fhoghlaimoirí de gach aois a chuimsiú go hiomlán. - Timpeallacht shábháilte a áirithiú atá saor ón bhforéigean gnéasach nó atá inscne-bhunaithe agus a chomhfhreagraíonn do na prionsabail maidir le cosaint leanaí. - Oideachas (foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon) a chur ar fáil, lena dtugtar aghaidh ar steiréitíopaí inscne agus lena réitítear an bealach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil. - Eiseamláirí den chothroime inscne a chur chun cinn san aistriú ón oideachas go dtí margadh an tsaothair trí chothroime inscne i measc múinteoirí agus sa churaclam a léiriú. - Tacú le gairmoiliúint agus le hoiliúint ghairmiúil do chailíní agus do bhuachaillí, rud a chuirfidh ar a gcumas athruithe a chur i bhfeidhm uathu féin.

⁶ Tá tuilleadh mionsonraí sa Nóta Treorach (Iarscríbhinn 2).

⁷ I bhfianaise a sainordú sonrach, acu, déanann an tArd-Stiúrthóireacht um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta den Choimisiún Eorpach (ECHO) na gníomhaíochtaí agus na táscairí atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí daonnúla a thuairisciú.

Cuspóirí	Táscairí	Samplaí de na gníomhaíochtaí
	13.7 Líon na leanaí a cláraíodh sa chóras bunoidreachais le cuidiú ón Aontas (EURF: Fóram Thaighde an Aontais Eorpaigh) 13.8 Líon na leanaí a cláraíodh sa chóras meanoideachais le cuidiú ón Aontas (EURF) 13.9 Líon na múinteoirí ar cuireadh oiliúint orthu le cuidiú ón Aontas (EURF) 13.10 An cóimheas idir baineannaigh agus fireannaigh ar thairbhígh an Gairmoideachas agus an Ghairmoiliúint/Forbairt Scileanna dóibh mar aon le cláir ghníomhacha eile de chuid an mhargadh saothair, le cuidiú ón Aontas (EURF)	

Cuspóirí	Táscairí	Samplaí de na gníomhaíochtaí
14. Rochtain ar obair chuibhiúil do mhná, cuma cén aois iad.	14.1. I dtíortha comhpháirtíochta AE tá an sciar ioncaim i seilbh na mban sa 40 % is isle den dáileadh ioncaim ar fad (EURF Leibhéal 1) 14.2. Meánlíon uaireanta an chloig a chaitear ar obair íoctha agus neamhíoctha trí chéile (ualach iomlán oibre) de réir gnéis (SFI:Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 5.42) 14.3. Líon na mban a áirítear ar oibrithe atá bocht .i. fostaithe ar gá dhóibh maireachtáil ar níos lú ná \$1.25 (PPP/paireacht cumhacht cheannaigh) in aghaidh an lae (EURF Leibhéal 1) 14.4. Cóimheas líon na ndaoine fostaithe in aghaidh an daonra (EPR:freagracht bhreisithe táirgeora) de réir inscne agus aoisghrúpa (15-64) (SFI 8.5) 14.5. Líon na dtíortha a dhaingnigh agus a chuir chun feidhme croíchaighdeáin saothair na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus a chloígh leo sa dlí agus i bpraitic (SFI 8.57) 14.6. Fostaíocht neamhfoirmiúil mar chéatadán den bhfostaíocht iomlán lasmuigh den talmhaíocht, de réir gnéis (an Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta; tacar íosta de tháscairí inscne, de réir réimse 1.9; arna thomhas ag EIS)	- Tacú le hathchóirithe sa reachtaíocht agus san airgeadas poiblí a bheadh íogair ó thaobh inscne ina dtugtar aird ar ról na mban i ngeilleagar an chúraim, lucht saothair neamhíoctha, dáileadh míchothrom maidir le dualgais teaghlaigh, ró-ionadaíocht sa gheilleagar neamhfoirmiúil, mná in earnáil na talmhaíochta agus an difreálach pá idir na hinscní. - Tacú le cumas na n-institiúidí na beartais agus na hathchóirithe sin a chur i gcrích. - Tacú le hÍosráta na Cosanta Sóisialta lena n-áirítear rochtain do mhná de gach aois, go háirithe iad siúd atá faoi réir iliomad cineál idirdhealaithe. - Tacú le dúshláin a chur faoin meon aigne agus faoi na noirm shóisialta lena ndéantar cumhachtú eacnamaíoch na mban a bhac, lena n-áirítear aitheantas sóisialta agus eacnamaíoch a thabhairt don saothar neamhíoctha agus don saothar sa chúram sláinte. - Anailís a dhéanamh ar thionchar na trádála idirnáisiúnta ar an gcomhionannas inscne i dtaca le caibidlíocht trádála. - Tacú le rialú a dhéanamh ar an imirce dhleathach agus cearta na n-oibrithe imirceacha a chosaint agus aird chuí á tabhairt ar an ndéalú idir na hinscní. - Infheistíocht a dhéanamh chun an baol a laghdú do mhná imirce a dhéanamh faoi anacair agus tacú le roghanna malartacha inmharthana ó thaobh an gheilleagair de. - An ró-ionadaíocht atá ag an lucht saothair baineann sa gheilleagar neamhfoirmiúil.

Cuspóirí	Táscairí	Samplaí de na gníomhaíochtaí
15. Rochtain chomhionann a bheith ag mná ar sheirbhísí airgeadais, ar acmhainní táirgiúla lena n-áirítear talamh, trádáil agus fiontraíocht.	15.1. Céatadán na mban, na bhfear, na bpobal dúchasach agus na gcomhphobal áitiúil a bhfuil fianaise aitheanta nó doiciméadaithe acu maidir le tionacht (SFI 1.5) 15.2. Céatadán na mban, na bhfear, na bpobal dúchasach agus na gcomhphobal áitiúil a bhraitheann go ndéantar a gcearta a aithint agus a chosaint (SFI 1.5) 15.3. An difreálach pá idir na hinscní de réir earnála sa ghníomhaíocht eacnamaíoch (SFI 5.1) 15.4. Ollioncam náisiúnta per capita (PCC modh Atlas US\$ atá ann faoi láthair) (SFI 8.54) 15.5. Síntiús leathanbhanda soghluaiste in aghaidh gach 100 áitritheoir, ar bhonn uirbeach/tuaithe (SFI 9.59)/ 15.6. Líon na mban a fhaigheann seirbhísí comhairleacha tuaithe, le tacaíocht AE (EURF) 15.7. Líon na mban agus na bhfear a bhfuil tionacht shlán talún acu, le tacaíocht AE (EURF). 15.8. Líon na mban a bhfuil rochtain acu ar sheirbhísí airgeadais nó ar sheirbhísí mhicrea-airgeadais, le tacaíocht AE, ar leibhéal an Chomhphobail (EURF)	- Tacú le reachtaíocht chlaochlaitheach maidir le húinéireacht, oidhreacht agus rialú ar thalamh agus ar acmhainní táirgiúla eile a bheith ag mná agus aird ar leith á tabhairt ar chomhphobail dhúchasacha. - Deireadh a chur le dris chosáin a chur roimh mhná maidir lena rochtain ar mhargaí, ar sheirbhísí forbartha na hearnála príobháidí, seirbhísí airgeadais, fiontraíocht agus Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC). - Tacú le fiontraíocht na mban chomh maith le saoráidí cúraim lena gcuidítear le teaghlaigh. - Cur le hinacmhainneacht agus úsáid na teicneolaíochta, rochtain tuaithe a leathnú agus litearthacht dhigiteach a mhéadú i measc na mban.

Cuspóirí	Táscairí	Samplaí de na gníomhaíochtaí
16. Rochtain chothrom agus rialú ar uisce glan, fuinneamh, bonneagar iompair agus rannpháirtíocht chothrom ina mbainistiú agus mná agus cailíní áineas a bhaint astu.	16.1. Cion an daonra a bhaineann úsáid as foinse fíoruisce a feabhsaíodh (EURF Leibhéal 1) 16.2. Básanna de bharr timpistí bóthair in aghaidh gach 100,000 duine (SFI 3.25) 16.3. Céatadán an daonra a úsáideann seirbhísí uisce arna mbainistiú ar bhealach sábháilte, ar bhonn uirbeach/tuaithe (SFI 6.45) 16.4. Céatadán an daonra a úsáideann seirbhísí sláintíochta arna mbainistiú ar bhealach sábháilte, ar bhonn uirbeach/tuaithe (SFI 6.46) 16.5. Cion an daonra a úsáideann réitigh chócaireachta nua-aimseartha ar bhonn uirbeach/tuaithe (SFI 7.50) 16.6. Cion an daonra a úsáideann leictreachas iontaofa ar bhonn uirbeach/tuaithe (SFI 7.51) 16.7. Líon na ndaoine a bhfuil rochtain acu ar bhóithre uileshéasúir, le tacaíocht AE (EURF) 16.8. Líon na mban de gach aois a gcuirtear rochtain ar sheirbhísí fuinnimh inbhuanaithe ar fáil dóibh, le tacaíocht AE (EURF)	- Tacú le beartais phoiblí agus le córais bainistithe acmhainní nádúrtha atá bunaithe ar an bpobal lena ndéantar cumhdach níos fearr agus rochtain níos sábháilte ar fhuinneamh inbhuanaithe, ar bhonneagar agus ar uisce ar a mbeidh cinnteoireacht chuimsitheach ag mná de gach aois. - Reachtaíocht nó beartais phoiblí a chur i bhfeidhm chun go bhféadfaidh cailíní agus mná páirt a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta. - Tacú le bonneagar a fhorbairt lena gcruthófar modh iompair poiblí atá sábháilte, inacmhainne agus inrochtana do mhná de gach aois. - Tacú le córais faireacháin tíortha tuairisc a dhéanamh i ndáil le staid an uisce agus na sláintíochta, fuinneamh agus an bonneagar sa tír, maille le sonraí imdhealaithe gnéis agus anailís cháilíochtúil.

D. Tosaíocht théamach: Cearta sibhialta agus polaitiúla - Tionchar agus Rannpháirtíocht

Sprioc: Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag freastal ar bhealach intomhaiste chun gníomhú, tionchar agus rannpháirtíocht na mban agus na gcailíní sa saol sóisialta, eacnamaíoch, polaitiúil agus sibhialta a mhéadú.

Sa tábla thíos tugtar liosta neamhchuimsitheach de na táscairí is féidir a úsáid chun an dul chun cinn comhthéacsúil, agus/nó rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh san athrú, a thomhas. Níor cheart na táscairí is ábhartha do chuspóirí roghnaithe a thuairisciú.⁸ Tá liosta neamhchuimsitheach sa tábla freisin de na cineálacha gníomhaíochtaí agus samplaí is féidir a chur chun feidhme chun na cuspóirí sonracha a bhaint amach. Níl siad saintreorach; ba cheart gníomhaíochtaí a roghnú ar bhonn comhthéacs agus tosaíochtaí tíre⁹.

Cuspóirí	Táscairí	Gníomhaíochtaí
17. Cearta agus deiseanna comhionanna ag mná chun páirt a ghlacadh i bpróisis bheartais agus rialachais ar gach leibhéal.	17.1. Céatadán na suíochán ag mná sna Parlaimintí náisiúnta (EURF leibhéal 1) i dTíortha Comhpháirtíochta an Aontais 17.2. Cion na mban ar bhoird chorparáideacha de chuid corparáidí náisiúnta/ilnáisiúnta (SDG 5.2) 17.3. Céatadán na suíochán ag mná agus mionlaigh sa pharlaimint náisiúnta nó in oifig thofa fo-náisiúnta de réir sciar an daonra faoi seach acu (SDG 5.43) 17.4. Ionadaíocht na mban i measc idirghabhálaithe, caibidleoirí agus saineolaithe teicniúla i gcaibidlíocht fhoirmiúil na síochána (SDG 16.8)	- Tacú le reachtaíocht agus beartais chumasúcháin lena gcuirtear deireadh le bacainní ar rannpháirtíocht na mban agus na gcailíní i gcomhréir le CEDAW, Plean Bhéising le haghaidh Gníomhaíochta, Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG). - Rannpháirtíocht eagraíochtaí na mban sna próisis reachtacha agus cheaptha beartais a ráthú. - Ról na mban a chur chun cinn i measc idirghabhálaithe, caibidleoirí agus saineolaithe teicniúla sa chos ar choinbhleachtaí, sa chaibidlíocht síochána, agus sa tsíochánaíocht ar bhonn foirmiúil. - Athrú iompraíochta a chur chun cinn sa chinnteoireacht, chun dul i ngleic le noirm idirdhealaitheacha shóisialta agus steiréitíopaí inscne ar leibhéal an teaghlaigh agus ar leibhéal an phobail, trí fheachtais oideachais phoiblí agus sna meáin, ag obair le mná a mhéid is le fir de gach aois. - Céatadán na mban sna príomhinstiúidí (ar leibhéal náisiúnta): Rialtas, Comhairle Bhunreachtúil, Breithiúna, Coimisiún Toghcháin, Coimisiún um Chearta an Duine.

⁸ Tá tuilleadh mionsonraí sa Nóta Treorach (Iarscríbhinn 2).

⁹ I bhfianaise a sainordú sonracha, acu, déanann an tArd-Stiúrthóireacht um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta den Choimisiún Eorpach (ECHO) na gníomhaíochtaí agus na táscairí atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí daonnúla a thuairisciú.

Cuspóirí	Táscairí	Gníomhaíochtaí
	17.5. Líon na mban atá ag baint tairbhe as cláir chúnaimh dhlíthiúil a fhaigheann tacaíocht ón Aontas (EURF) 17.6. Céatadán na n-iarrthóirí baineanna i dtoghcháin náisiúnta le tacaíocht ón Aontas 17.7. Líon na dtíortha a dhéanann buiséadú a fhreagraíonn d'inscne ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta le tacaíocht ón Aontas	
18. Eagraíochtaí na mban agus ESSanna eile agus Cosantóirí ar Chearta an Duine atá ag obair chun an comhionannas inscne agus cumhachtú agus cearta na mban agus na gcailíní a bhaint amach atá in ann oibriú gan bhac agus faoi chosaint dlí.	18.1. Líon na gCosantóirí baineanna ar Chearta an Duine a fuair tacaíocht ón Aontas Eorpach (EURF) 18.2. Líon na dtíortha comhpháirtíochta a dhéanann an ceart a ráthú do ESSanna maidir le comhlachas, maoiniú a fháil, saoirse chun tuairimí a nochtadh, rochtain ar fhaisnéis agus rannpháirtíocht sa saol poiblí 18.3. Líon na Straitéisí Tíre maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, lena n-áirítear cuspóirí comhionannais inscne	- Tacú le rannpháirtíocht eagraíochtaí na mban mar ghníomhairí cuntasachta sna próisis bhuiséadacha, reachtacha agus cheaptha beartais ar gach leibhéal. - Tacú le húsáid teicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) mar chatalaíoch le haghaidh chumhachtú polaitiúil agus sóisialta na mban agus na gcailíní agus chun a gcuid saoirse cainte, comhionannas inscne a chur chun cinn agus chun cumhachtú na mban agus na gcailíní agus cearta agus ceapadh beartais a chur chun cinn.

Cuspóirí	Táscairí	Gníomhaíochtaí
19. Noirm idirdhealaitheacha shóisialta agus steiréitíopaí inscne a chuathas isteach orthu agus a athraíodh.	19.1. Líon na dtíortha a bhfuil athrú dearfach sa rátáil acu in Innéacs um Institiúidí Sóisialta agus Inscne de chuid ECFE 19.2. Céatadán de mhná den aois 15 bliana go dtí 49 mbliana a bhfuil sé ar intinn acu ball giniúna a n-iníonacha a ghearradh (bailiú sonraí UNICEF) 19.3. Líon Tíortha Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh atá ag tabhairt isteach córais chuótaí chun aghaidh a thabhairt ar na cleachtais idirdhealaitheacha agus feabhas a chur ar ionadaíocht na mban in institiúidí rialtais agus i bpoist chinnteoireachta 19.4. I dTíortha Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, líon na bpobal a thugann dearbhú foirmiúil go gcuirfear críoch le cleachtas a dhéanann idirdhealú nó mórdhiobháil ar chailíní agus ar mhná de gach aois	- Díospóireacht phoiblí a chur chun cinn maidir le caidreamh inscne neamh-idirdhealaitheach a urramaíonn ionracas fisiciúil, meabhrach, sóisialta buachaillí agus cailíní, agus maidir leis an bprionsabal cosanta leanaí. - Tacú le gníomhaíocht phobail, ó phiar go piar, for-rochtana agus ghluaiseachta, agus fir agus buachaillí a bheith bainteach ann, teagmháil a dhéanamh le ceannairí agus le figiúirí údarais chun cearta na gcailíní agus na mban de gach aois a chur chun cinn agus an luach a chuireann a bpobal féin orthu a mhéadú. - Infheistíocht a dhéanamh in oideachas leathanbhunaithe ar chiall shóisialta na fireannachta/na banúlachta agus in athrú dearfach sa chinnteoireacht maidir le freagrachtaí teaghlaigh, tuismíocht, cur i gcoinne an fhoréigin ghnéasaigh agus an fhoréigin atá bunaithe ar inscne, etc. - Tacú le gníomhaíocht a bheith á déanamh sa tsochaí shibhialta ag na cailíní agus ag na mná, ag na buachaillí agus ag na fir agus ag a gcuid comhlachas mar ghníomhaithe don athrú i dtreo comhionannais inscne.
20. Cearta comhionanna ag mná páirt a ghlacadh agus tionchar a imirt ar phróisis chinnteoireachta maidir le saincheisteanna aeráide agus comhshaoil	20.1. Líon na mbásanna in aghaidh an 100,000 de bharr tubaistí a bhaineann leis an aeráid agus de bharr tubaistí nádúrtha – meán thar thréimhse deich mbliana anuas (imdhealaithe de réir inscne) (EURF Leibhéal 1)	- Cur le hathléimneacht na gcailíní agus na mban agus aghaidh á tabhairt ar an athrú aeráide agus athrú comhshaoil, agus tacú leo mar ghníomhaithe do chosaint an chomhshaoil. - Taighde a dhéanamh ar thionchar difreáilte an athraithe aeráide ar dhaonra na bhfear agus na mban de gach aois, ionas go mbeifear in ann beartas poiblí a cheapadh a fhreagróidh do riachtanais iarbhir na bhfear agus na mban.